C/2024/4069

25.6.2024

Fógra le haghaidh an eintitis atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2023/1532/CBES ón gComhairle arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1791 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1793 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua

(C/2024/4069)

Dírítear aird an Islamic Revolutionary Guard Corps Research agus an Self-Sufficiency Jihad Organisation (IRGC SSJO), eintiteas a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2023/1532/CBES ón gComhairle [1] arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1791 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle [3] arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1793 ón gComhairle [4] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus do ghrúpaí armtha agus eintitis sa Mheánoirthear agus i réigiún na Mara Rua, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart an t-eintiteas sin a áireamh ar liosta na ndaoine dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2023/1532/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle.

Cuirtear in iúl don eintiteas lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3a den Rialachán). Féadfaidh an t-eintiteas lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh é a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle **roimh an 7 Meán Fómhair 2024,** ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
An Bheilg

ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirtear in iúl don eintiteas lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

[1] IO L 186, 25.7.2023, lch. 20.
[2] IO L, 2024/1791, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1791/oj.
[3] IO L 186, 25.7.2023, lch. 1.
[4] IO L, 2024/1793, 24.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1793/oj.